# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2014

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Bonnleibhéal

## Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

**1)** Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gcomhdháil mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gcomhdháil nó ina dhiaidh sin.

**2)** Ní mór don scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

**3)** Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gcomhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

**4)** Ní ceart don scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

**5)** Dírítear aird an scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanach **6** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta faofa dóibh.

**CLUASTUISCINT(40marc)**

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin.

**Treoracha**

**1)** Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d’réir na foghraíochta , glac leis mar fhreagra**.**

**2)** Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach pictiúr nó litir **amháin** a roghnú i ngach cás.

**3)** Glac le tic in aice nó ciorcal timpeall na litreach sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

40

## ROINN I – CLUASTUISCINT: 40 MARC

Tá **6 cheist** san áireamh anseo.

- **Ceist 1., Ceist 3., Ceist 4., Ceist 5.**, **Ceist 6.:** (**a**) *agus* (**b**) an ceann, = (4 + 3) x 5 = **35 mharc**
- **Ceist 2.** tá pointe **amháin** eolais á lorg: = **5 mharc**

Iomlán do Roinn I (C.T.) = 35 mharc + 5 mharc **= 40 marc**

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT: 120 MARC

30

### Ceist 1. (30 marc)

= 5 mharc x 6 **= 30 marc**

Iomlán do **Cheist 1**. **= 30 marc**

40

### Ceist 2. (40 marc)

Tá **6 cheist** san áireamh anseo.

- **Ceist 1., Ceist 2., Ceist 3., Ceist 4., Ceist 5**. = 7 marc x 5 **= 35 marc**
- **Ceist 6**.: tá **dhá** phointe eolais á lorg: = 3 + 2 **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 2**. = 35 mharc + 5 mharc **= 40 marc**

50

### Ceist 3. (50 marc)

**(a)** **C.1.**(15) + **C**.**2**.(5) + **C**.**3**.(5) = **25 mharc**
**(b)** **C.1.**(15) + **C**.**2**.(5) + **C**.**3**.(5) = **25 mharc**

Iomlán do **Cheist 3**. = (**a**) 25 + (**b**) 25 = **50 marc**

# ROINN III – CEAPADÓIREACHT: 80 MARC

25

## Ceist 4. (25 mharc)

**An Tasc –** Cárta Poist a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Leagan Amach:** **(8 marc)**

- Beannú = 2 mharc
- Síniú = 2 mharc
- Ainm an tseolaí = 2 mharc
- Seoladh = 2 mharc

**ii) Tagairtí: 4** thagairt do théacs an phictiúir **(**2 mharc x 4**)** **= 8 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide** = **4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 4** = **25 mharc**

25

## Ceist 5. (25 mharc)

**An Tasc –**Cuireadh a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Cuireadh a scríobh:** **= 7 marc**

- Má tá sé soiléir go bhfuil cuireadh ann bronntar an **7 marc**
- Muna bhfuil sé soiléir bronn **dais/fleiscín/stríoc**.

**ii) An t-Eolas Cuí: 3 thagairt** ag teastáil = **3 mharc x 3** **= 9 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide:** = **4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge:** = **5 mharc**

Iomlán do **Cheist 5 = 25 mharc**

30

## Ceist 6. (30 marc) (a) *nó* (b):

(a) **An Tasc –** Alt a scríobh

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Tagairtí:** (ceithre thagairt ag teastáil: 5 mharc x 4) **= 20 marc**

**ii) Cumas Cumarsáide** **= 5 mharc**

**iii) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 6 (a) = 30 marc**

*NÓ*

(b) **An Tasc –** Foirm Iarratais a chomhlánú

Tá **dhá chuid** sa mharcáil anseo:

**i) An t-Eolas Cuí** (8 x 2 mharc) **=** 16 + (9 x 1 mharc) **= 25 mharc**

**ii) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do Cheist 6 (b) = **30 marc**

## Oiriúntais Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltíní in aice lena gcuid scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

1) Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

2) Iarrthóirí a **d'úsáid:**
   - scríobhaí
   - téipthaifeadán
   - próiseálaí focal nó ríomhaire.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

Cuirtear scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le **litriú** agus **cruinneas gramadaí** sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. **i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6.** Ní chuirtear aon **phionós** ar '**drochlitriú'** ná 'ar **easpa cruinneas gramadaí'** i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Chluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil **oiriúntais réasúnta faofa** dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a **mharcáil** sa **ghnáthshlí** d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó:

**Ceisteanna 4, 5 agus 6.**

**Gaeilge: 5 mharc**.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

**1 → 2**; **2 / 3 → 4**; **4 / 5→ 5**.

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an **bhfreagarleabhar**, taobh **istigh** agus ar an **gclúdach**, taobh **amuigh.**

## Téacs don Chluastuiscint

**Ceist 1**.

Séamas de Paor is ainm dom. Tá mé i mo chónaí i gCorcaigh. Tá mé ceithre bliana déag d'aois. Tá beirt deartháireacha agam. Fear an phoist is ea m'athair agus tá mo mháthair ag obair i siopa. Is maith liom ceol de gach saghas – popcheol, rac-cheol agus snag cheol ach is é an rac-cheol is fearr liom.  Seinnim an giotár mar chaitheamh aimsire.

**Ceist 2.**

**Bean:** Gabh mo leith scéal, a dhuine uasail, cá bhfuil an banc?

**Fear:** Ar aghaidh leat suas an tsráid seo, Sráid an tSéipéil.  Téigh chomh fada leis an ollmhargadh. Cas ar chlé ansin. Lean ort go dtí na soilse tráchta. Feicfidh tú an banc ansin ar thaobh na láimhe deise.

**Bean:** Go raibh míle maith agat, a dhuine uasail.

**Fear:** Ná habair é.

**Ceist 3.**

Agus anois an aimsir. Titfidh sneachta ar fud na tíre ar maidin. Beidh sé fuar arís – beidh an teocht is airde thart ar cheithre chéim Celsius.  Glanfaidh an sneachta i rith an lae agus beidh tréimhsí geala sa chuid is mó den tír. Beidh an teocht thart ar dheich gcéim Celsius tráthnóna.

**Ceist 4.**

Tharla timpiste bhóthair inné taobh amuigh den scoil. Bhuail carr i gcoinne balla ar thaobh na sráide. Chuala an múinteoir an torann agus chuir sé fios ar an otharcharr. Gortaíodh an tiománaí agus tógadh go dtí an t-ospidéal é. Bhí an t-ádh leis nach raibh sé gortaithe ró-dhona. Bhí a chos briste agus bhí air an oíche a chaitheamh san ospidéal.

**Ceist 5.**

**Róisín:** Dia duit, a Aoife, ní fhaca mé le déanaí thú.

**Aoife:** Oh! Bhí mé ar laethanta saoire.

**Róisín:** Cá ndeachaigh tú?

**Aoife:** Chuaigh mé go Contae Mhaigh Eo. Bhí teach ar cíos againn cois na trá.

**Róisín:** Conas a thaitin sé leat?

**Aoife:** Go hiontach. Bhí an-spórt againn.

**Róisín:** Cad a rinne sibh i rith an lae?

**Aoife:** Chaitheamar an lá ar fad ar an trá nó ag snámh san fharraige.

**Róisín:** Conas mar a bhí an aimsir?

**Aoife:** Ar fheabhas. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch ó mhaidin go hoíche. Ní fhaca mé braon báistí i rith na laethanta saoire.

**Róisín:** Cathain a tháinig tú ar ais?

**Aoife:** An Satharn seo caite.

**Róisín:** An bhfuil tú réidh don scoil ar an Luan.

**Aoife:** Níl. Caithfidh mé roinnt leabhar a cheannach fós. Agus tú féin?

**Róisín:** Níl m'éadaí scoile agam go fóill. Táim ag dul ag siopadóireacht anois chun iad a fháil.

**Aoife:** Tá go maith, mar sin. Feicfidh mé thú ar an Luan. Slán.

**Róisín:** Slán leat.

**Ceist 6.**

**Pól:** Dia duit, a dhochtúir.

**Dochtúir:** Dia's Muire duit. Cad is ainm duit?

**Pól:** Pól Ó Murchú.

**Dochtúir:** Suigh síos ansin. Cad tá cearr leat?

**Pól:** Tá pian uafásach i mo cheann agus tá tinneas scornaí orm freisin.

**Dochtúir:** Tuigim. Oscail do bhéal.

**Pól:** Aaaaaaaaaaaaaaaaaaaaaaaagh.

**Dochtúir:** Tá do scornach tinn, ceart go leor. Tógfaidh mé do theocht anois ……..

**Pól:** An bhfuil fiabhras orm?

**Dochtúir:** Níl. 37.3 céim Celsius do theocht. Níl sé ró-dhona. Tabharfaidh mé buidéal leighis duit. Tóg lán spúnóige de, trí huaire in aghaidh an lae. Gach seans go mbeidh tú ar fónamh arís tar éis cúpla lá.

**Pól:** Go raibh maith agat.

**Dochtúir:** Tar ar ais chugam ar an Aoine mura mbíonn feabhas ort.

**Pól:** An mbeidh mé ábalta dul ar scoil amárach?

**Dochtúir:** B'fhéidir gur fearr duit fanacht sa leaba amárach ach beidh tú ábalta dul an lá ina dhiaidh sin

**Pól:** Go raibh maith agat, a dhochtúir. Slán agat.

**Dochtúir:** Slán leat anois.

# Aguisín

**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** ☞ | | **Móriomlán na Marcanna** | |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014
## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
**(240 marc)**

STAMPA AN IONAID

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | |
| **Nóta**: Ní mór an marc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. ☞ | |

ROINN I CLUASTUISCINT

| **CEIST** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **MARC** | **7** | **5** | **7** | **7** | **7** | **7** |

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| | CEIST | MARC |
| ROINN II | 1 | **30** |
| | 2 | **40** |
| | 3 | **50** |
| ROINN III | 4 | **25** |
| | 5 | **25** |
| | 6 | **30** |
| | IOMLÁN ☞ | **200** |
| | CLUASTUISCINT ☞ | **40** |
| | **MÓRIOMLÁN** ☞ | **240** |
| | GRÁD ☞ | |


**Thall ➔**

| ROINN I | CLUASTUISCINT | (40 marc) |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Chluastuiscint ar an dlúthdhiosca.
Cuir tic **(✓)** leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cá bhfuil Séamus ina chónaí?










X

**= 4 mharc**

**Ceist 1 (b)** Cén saghas ceoil is fearr leis?


| | |
|---|---|
| Popcheol | |
| Snagcheol | |
| Rac-cheol | X |


**= 3 mharc**

**Ceist 1 = 7 marc**

**Ceist 2** Cá bhfuil an bhean ag dul?











X

**= 5 mharc**

**Ceist 2 = 5mharc**

**Ceist 3 (a)** Cén sórt aimsire a bheidh ann ar maidin?







X

**= 4 mharc**


**Ceist 3 (b)** Cén teocht a bheidh ann tráthnóna?

| | |
|---|---|
| 10° Celsius | **X** |
| 14° Celsius | |
| 12° Celsius | |


**= 3 mharc**

**Ceist 3 = 7 marc**

**Ceist 4 (a)** Cár tharla an timpiste bhóthair?







X

**= 4 mharc**

**Ceist 4 (b)** Cé a gortaíodh sa timpiste?

| | |
|---|---|
| An tiománaí | **X** |
| An Múinteoir | |
| An Garda | |

**= 3 mharc**

**Ceist 4 = 7 marc**

**Thall ➔**

**Ceist 5 (a)** Cá raibh Aoife le déanaí?

| | |
|---|---|
| Ar laethanta saoire | **X** |
| Ar scoil | |
| Ag obair | |

**= 4 mharc**

**Ceist 5 (b)** Cathain a tháinig sí ar ais?

| | |
|---|---|
| Ar an Luan | |
| Coicís ó shin | |
| An Satharn seo caite | **X** |

**= 3 mharc**

**Ceist 5 = 7 marc**

**Ceist 6 (a)** Cad a bhí cearr le Pól?

| | |
|---|---|
| Tinneas scornaí | **X** |
| Casacht | |
| Cos bhriste | |

**= 4 mharc**

**Ceist 6 (b)** Cad a thug an dochtúir do Phól?

| | |
|---|---|
| An bricfeasta | |
| An lón | |
| Buidéal leigheas | **X** |

**= 3 mharc**

**Ceist 6 = 7 marc**

| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | (120 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. **(30 marc)**

**(a)** Ná tugtar bia do na hainmhithe.
**(b)** Tráth na gCeist Boird ar siúl sa halla.
**(c)** Tá tinneas fiacaile ar Bhríd.
**(d)** Faighte – bráisléad óir.
**(e)** Carrchlós – spásanna ar fáil.
**(f)** Linn Snámha ar oscailt 7.00 a.m. – 9.00 p.m.





**Carrchlós – spásanna ar fáil.**
**(5 mharc)**



**Ná tugtar bia do na hainmhithe.**
**(5 mharc)**




**Tráth na gCeist Boird ar siúl sa halla.** **(5 mharc)**




**Linn Snámha ar oscailt 7.00 a.m. - 9.00 p.m.** **(5 mharc)**



**Tá tinneas fiacaile ar Bhríd.**
**(5 mharc)**



**Faighte – bráisléad óir.**
**(5 mharc)**

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **30** |
|---|---|

**Thall ➔**

**CEIST 2.** Léigh an **fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**

# Club Drámaíochta na Sionainne, Luimneach

## Turas Lae go Baile Átha Cliath

### Dé hAoine, 15 Iúil 2014

| | |
|---|---|
| 7.30 a.m. | Teacht le chéile i gclós an halla. |
| 7.45 a.m. | Bus go dtí an stáisiún traenach. |
| 8.15 a.m. | Traein go Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath. |
| 9.00 a.m. | Bricfeasta ar an traein. |
| 11.15 a.m. | Bus go lár na cathrach. |
| 11.45 a.m. | Cuairt ar an nGailearaí Náisiúnta. |
| 1.00 p.m. | Lón i mbialann an Ghailearaí. |
| 2.30 p.m. | Dráma in Amharclann na Mainistreach. |
| 4.30 p.m. | Siopadóireacht i Lárionad Sráid Jervis. |
| 6.00 p.m. | Béile i mbialann McDonalds. |
| 6.30 p.m. | Turas ar an Luas go dtí an stáisiún traenach. |
| 7.00 p.m. | Traein abhaile go Luimneach. |



Ticéid €25, ar fáil ó Rúnaí an chlub.

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Club Drámaíochta na Sionainne?

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | |
| Luimneach | **X (7 marc)** |
| Stáisiún Heuston | |

**2.** Cá mbeidh an bricfeasta acu?

| | |
|---|---|
| Ar an traein | **X (7 marc)** |
| Sa chlub | |
| Sa chathair | |

**3.** Cén t-am a rachaidh siad go dtí an Gailearaí Náisiúnta?

| | |
|---|---|
| 11.15 a.m. | |
| 11.45 a.m. | **X (7 marc)** |
| 1.00 p.m. | |

**4.** Cá mbeidh an dráma ar siúl?

| | |
|---|---|
| In Amharclann na Mainistreach | **X (7 marc)** |
| Sa Lárionad Siopadóireachta | |
| I mbialann | |

**5.** Cé mhéad atá ar thicéad?

| | |
|---|---|
| €15.00 | |
| €20.00 | |
| €25.00 | **X (7 marc)** |

**6.** Luaigh **dhá** rud a dhéanfaidh siad **tar éis** lóin. **(3 + 2 mharc)**

**1. Rachaidh siad chuig dráma in Amharclann na Mainistreach.**

**2. Rachaidh siad ag siopadóireacht/Beidh béile acu i McDonalds/Turas ar an Luas/Traein abhaile go Luimneach.**

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha→ | **30 + 40** | = | **70** |
|---|---|---|---|

**CEIST 3**. Freagair (**a**) *agus* (**b**). **(50 marc)**

Léigh an **dá** alt nuachta seo agus freagair na ceisteanna atá fúthu.

## (a) Roy Keane – Bainisteoir Cúnta Sacair (25 marc)

| | |
|---|---|
| Rugadh Roy Keane i gCorcaigh sa bhliain 1971. Bhí suim mhór aige sa spórt riamh. Bhuaigh sé a lán comórtas sa dornálaíocht nuair a bhí sé an-óg. Ag an am céanna bhí Roy ag imirt sacair le Rockmount AFC.<br><br>Chuaigh sé go Sasana i 1990, agus d'imir sé le Nottingham Forest. D'aistrigh sé go Manchester United i 1993 agus d'fhan sé leo go dtí 2005. Chaith sé bliain amháin le Celtic agus ansin in 2006 d'éirigh sé as an imirt ar fad.<br><br>Imreoir iontach ba ea é. Bhí sé ina chaptaen ar Manchester United. Lár na páirce an áit ab fhearr leis imirt. D'imir sé le foireann idirnáisiúnta na hÉireann ó 1991 go dtí 2005. Bhí sé ina chaptaen ar an bhfoireann sin go minic freisin. Fuair sé breis agus seasca cúl i rith a shaoil.<br><br>Tá baint aige fós leis an sacar. I mí na Samhna 2013 ceapadh é mar Bhainisteoir Cúnta ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann. Beidh sé ag cabhrú leis an mbainisteoir nua Martin O'Neill. | **Roy Keane** |

**1.** Cár rugadh Roy Keane?

**<u>Rugadh Roy Keane i gCorcaigh.</u>** **(15 mharc)**

**2.** Cathain a chuaigh sé go Sasana?

| | |
|---|---|
| 1971 | |
| 1990 | **X** **(5 mharc)** |
| 2005 | |

**3.** Cén bhaint atá aige anois le foireann idirnáisiúnta na hÉireann?

| | |
|---|---|
| Captaen | |
| Bainisteoir Cúnta | **X** **(5 mharc)** |
| Imreoir | |

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **70 + 50** | = | **120** |
|---|---|---|---|

**Thall ➔**

**(b)**

# Guth na hÉireann

**(25 marc)**

| | |
|---|---|
| Is í Kathryn Thomas a chuireann an clár tallainne *The Voice of Ireland* i láthair ar theilifís RTÉ. Rugadh agus tógadh Kathryn i gCo. Cheatharlach ach tá sí ina cónaí i mBaile Átha Cliath anois. Tá sí ag obair le RTÉ le fada. I measc na gclár atá déanta aici tá *No Frontiers, Winning Streak* agus *Operation Transformation.*<br><br>Is ar *The Voice of Ireland* atá Kathryn le feiceáil le trí bliana anuas. Is clár spéisiúil é. Bíonn ar na hiomaitheoirí canadh ar stáitse os comhair slua mór in *The Helix*, amharclann i mBaile Átha Cliath. Bíonn an clár ag dul amach beo ar an aer ag an am céanna.<br><br>Is iad Bressie, Jamelia, Kian agus Dolores na moltóirí atá ann i mbliana. Ní bhíonn na moltóirí ag féachaint ar na hamhránaithe. Bíonn siad ina suí agus a gcúl leis an ardán. Nuair a thaitníonn guth an amhránaí leis na moltóirí casann siad timpeall ina gcathaoir mhór dhearg. Anois agus arís casann siad go léir thart.<br><br>Bíonn na hamhránaithe neirbhíseach ach cuireann Kathryn ar a sáimhín só iad. Labhraíonn sí go deas cineálta leo agus tugann sí misneach dóibh. Is minic a bhíonn píosa spraoi againn nuair a bhíonn níos mó ná moltóir amháin ag iarraidh amhránaí maith a roghnú. Is minic a bhíonn ar Kathryn iad a bhrostú. | **Kathryn Thomas** |

**1.** Ainmnigh clár **amháin** a chuir Kathryn Thomas i láthair ar RTÉ.

**No Frontiers/Winning Streak/Operation Transformation/ The Voice of Ireland .** **(15 mharc)**

**2.** Cad a dhéanann na hiomaitheoirí ar *The Voice of Ireland*?

| | |
|---|---|
| Codladh | |
| canadh | **X (5 mharc)** |
| rith | |

**3.** Cad a dhéanann na moltóirí nuair a thaitníonn guth leo?

| | |
|---|---|
| Suíonn siad síos | |
| Ardaíonn siad a lámh | |
| Casann siad timpeall | **X(5 mharc)** |


| ROINN III | CEAPADÓIREACHT | (80 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 4.** **(25 marc)**

Féach ar an bpictiúr thíos.

# Saoire ag campáil i nDún na nGall




Tá tú ar laethanta saoire san áit seo le do theaghlach. Scríobh **cárta poist** chuig do chara ag insint dó/di faoin áit.

**Cárta Poist**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**Leagan Amach:** **(8 marc)**

- Beannú = 2 mharc
- Síniú = 2 mharc
- Ainm an tseolaí = 2 mharc
- Seoladh = 2 mharc

**ii) Tagairtí:** **4** thagairt do théacs an phictiúir **(**2 mharc x 4**)** **= 8 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide** **= 4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**


Iomlán do **Cheist 4 = 25 mharc**

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 120 + 25 | = | 145 |
|---|---|---|---|

**Thall →**

**CEIST 5.** **(25 marc)**

Léigh an **fógra** seo.




# FÓGRA

# *GODZILLA*

le feiceáil san Omniplex

**Dé Sathairn, 14 Meitheamh 2014**

**Doirse ar oscailt 7.30 p.m.**

**Cead isteach €10.00**

Chonaic tú an fógra seo ar do bhealach abhaile ón scoil. Scríobh **cuireadh** nó **teachtaireacht ríomhphoist** chuig do chara ag iarraidh air/uirthi teacht leat chun an scannán seo a fheiceáil. Is tusa **Siobhán** *nó* **Séamas**.

**TEACHTAIREACHT RÍOMHPHOIST**

**An Tasc – cuireadh** nó **teachtaireacht ríomhphoist** a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Cuireadh a scríobh:** **= 7 marc**

- Má tá sé soiléir go bhfuil cuireadh ann bronntar an **7 marc**
- Muna bhfuil sé soiléir bronn **dais/fleiscín/stríoc**

**ii) An t-Eolas Cuí: 3 thagairt** ag teastáil = **3 mharc x 3** **= 9 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide:** **= 4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 5 = 25 mharc**


| Don scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha → | 145 + 25 | = | 170 |
|---|---|---|---|

**CEIST 6.** Freagair (**a**) *nó* (**b**). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tú **ag an gcluiche cispheile seo**.
Tá tú chun alt gearr a scríobh in 'Iris na Scoile' faoi.

Scríobh **an t-alt** (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**Comórtas Cispheile na Scoileanna**




**(a) An Tasc –** Alt a scríobh

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

| | |
|---|---|
| i) **Tagairtí:** (ceithre thagairt ag teastáil: 5 mharc x 4) | **= 20 marc** |
| ii) **Cumas Cumarsáide** | **= 5 mharc** |
| iii) **Cruinneas Gaeilge** | **= 5 mharc** |

Iomlán do **Cheist 6 (a) = 30 marc**

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 170 + 30 | = | **200** |
|---|---|---|---|

**Thall →**


## *NÓ*

**(b)** Ba mhaith leat post páirtaimseartha a fháil i **Siopa Peataí**.
Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos.



## Siopa Peataí

**Foirm Iarratais**



Ainm: ______________________________ **= 1 mharc**

Seoladh: ______________________________
______________________________ **2 mharc**

Aois: ______________________________ **= 1 mharc**

Dáta Breithe: ______________________________ **= 2 mharc**

Cén rang ina bhfuil tú ar scoil? ______________________________ **= 2 mharc**

An raibh post páirtaimseartha agat roimhe seo?______________________________ **= 2 mharc**

An maith leat ainmhithe?______________________________ **= 2 mharc**

An bhfuil peata agat sa bhaile? ______________________________ **= 2 mharc**

Cén sórt bia a itheann sé? ______________________________ **= 2 mharc**

Ainmnigh dhá pheata eile. ______________________________ **= 2 mharc**

An féidir leat ríomhaire a úsáid? ______________________________ **= 1 mharc**

Conas a thiocfaidh tú go dtí an siopa? ______________________________ **= 1 mharc**

An mbeidh tú sásta obair tar éis a sé a chlog? ______________________________ **= 1 mharc**

Cén t-am ba mhaith leat tosú ag obair gach lá? ______________________________ **= 1 mharc**

Cén lá den tseachtain ba mhaith leat a bheith saor? ______________________________ **= 1 mharc**

Síniú: ______________________ **= 1 mharc**

Dáta: ______________________ **= 1 mharc**

Tá dhá chuid sa mharcáil anseo:
**i) An t-Eolas Cuí** (8 x 2 mharc) = 16 + (9 x 1 mharc) **= 25 marc**
**ii) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do Cheist 6 (b) = **30 marc**